

calendar was now ugly and brown. Madigan could make out the year, Christ, had nobody lived here since then.

Outside the falling snow had turned to heavy rain which was now relentless. Rain hammered viciously on the leaking roof, like a priest beating at a pulpit, as water gushed from the clogged up and collapsed gutters and flooded down the walls and over the broken windows.

The rain was carried by a brawny wind. The garden trees, trying desperately to hold on to their few remaining dead leaves, danced in the gusts like demented geriatrics, and the unlocked wooden gate at the end of the lawn flew forward and back as it hit off the fence post. Fishing boats were riding the rough stormy waves in the distance as dense dark grey clouds sailed in from the Atlantic.

The ceiling above his head was partly hanging down and looked like it would collapse soon and bury the kitchen. Only a large old wooden dresser was holding it up. Madigan walked towards it and pulled open the two stiff drawers. The first one contained a few pieces of rusted cutlery, the second a small photo album. He quickly flicked through it. All of the photos had been removed apart from one. He stared at the faded yellow image. It was of a boy of about four or maybe five sitting on a red bicycle. Behind him a tall and lean woman in her early thirties with a white apron decorated with flowers was crouching down and holding the saddle of the bike, supporting the boy as he prepared and primed himself to move off independently. Her hair was long and dark, and her mouth was smiling. The boy looked anxious, unsure if he was equipped or ready to let go. Afraid that he would fall but he knew that she would be right behind him to pick him up. It was his mother in the photo and the boy on the bicycle was him.

Madigan placed it in his inside coat pocket as he looked around the interior of the decaying dwelling one final time. He went out as he had come in through the crumbling window frame. As he closed the garden gate behind him and the rain danced upon the road he watched the red curtain wave towards him again and he thought of the red bicycle and his mother's hands guiding him.

Sliabh Dubh

*baile fearainn dúchasach chlann
Sheáin Mhic Dhiarmada*

PÁDRAIG MAC DIARMADA

Chomh fada le m'eolas níor luadh riamh ag staraithe, nó ag éinne eile ach an oiread, gur chónaigh clann Sheáin Mhic Dhiarmada i Shliabh Dubh, baile fearainn atá suite ar an mbóthar ó Cluainín Uí Ruairc go Coillte Clochair, (cúig mhíle ó Chluainín agus trí mhíle ó Choillte Clochair, gar don seanscoil, Tamhnach an tSionnaigh Fhinn) ar feadh na mblianta sar a d'aistrigh Pádraig Dónal (Donald) Mac Diarmada, seanathair Sheáin, go Carn Mór, níos gaire do Choillte Clochair. Fágadh ina dhiaidh a dheartháir ar a dtugadh na comharsana Ould Donald air. Saor cloiche maith a bhí ann. Agus tá sé sin le feiceáil i dtógáil an tí agus na mbóitheach (bóitheach i gcónaí i Liathdroim) in aice an tí. Tá a lán scéalta inste faoi Ould Donald ag na comharsanna. Is dóigh liom gurb é a athair féin ba chúis leis na scéalta. Lá amháin bhí Ould Donald i gCluainín agus nuair a tháinig sé abhaile bhí a mháthair i ngéibheann sa seomra uachtarach sa teach. Bhí troid lena athair léi agus chuir sé thuas sa seomra í. Ach ní raibh sé sásta le sin. Cad a dhein sé, ach balla a thógáil i mbearna an dorais agus bhí ar a mhac doras a bhriseadh amach ar bhinn an tí chun í a ligint amach, agus tá an poll sin le feiceáil sa mbinn go dtí an lá inniu féin.

Bhí cúigear sa chlann ag Ould Donald: Seán, Tomás, Proinsias, Máire agus Bizzie. Chuaigh Tomás isteach i



Seán Mac Diarmada

gConstáblacht Ríoga na hÉireann. D'fhán Bizzie sa bhaile lena h-athair agus chuaigh an ceathrar eile go Meircea. Phós Máire ann agus thagadh sí abhaile anois agus arís. Tháinig Proinsias abhaile, phós sé agus chónaigh sé i mBaile na mBethíoch agus fuair sé bás ansin. Tháinig Seán abhaile don teach dúchasach agus chónaigh sé ansin lena dheirfiúr Bizzie go deireadh a shaoil.

Nuair a bhí Seán i Meircea bhí sé ag obair le capaill. Deireadh sé nuair a bhíodh sé ag treabhadh leis na capaill, go mbeadh air ithe ag deireadh an iomaire nó go mbeadh sé ró-ocrach dá bhfanadh sé go mbeadh sé ar ais ag an tús. Pe scéal é, tharla timpiste do leis na capaill agus gortaíodh é go dona.

Nuair a tháinig sé ahaile bhí sé bacach — bhí cos amháin á tarraingt aige i ndiaidh na coise eile ar dtús. Deireadh a athair leis stop a chur le sin, ach ní raibh sé abálta. Is ag dul in olcas a bhí sé go dtí gur threasnaigh cos amháin go hiomlán ar an gcos eile cosúil le cros. Bhí air, mar a dúirt sé, tóin a bhríste a chaitheamh uaidh i dtreo is go mbeadh sé in ann iad a chur air fein de bharr a chosa a bheith crosta ar a chéile

Ba neamhghnáthach an mháchail seo. Ní fhaca mé a mhacasamhail riamh. Ach in ainneoin an choisc uafásaigh sin, d'éirigh leis siúl le cabhair dhá bhata, an taobh amuigh

dá bhróga chun tosaigh, agus é ag dul ar aghaidh orlach ar orlach. Bhí sé in ann siúl go dtí an portach, leath mhíle uaidh ar bharr na feirme , in aice easca, dul isteach ar urlár an phortaigh agus móin a baint le sleán ar feadh an lae , agus ní raibh sé in ann suí, mar ní bheadh sé in ann éirí dá suífeadh sé. Ba éacht é sin. Agus thabharfadh sé trí nó ceithre huair air an dá thuras a dhéanamh.

Ag sábháil an fhéir, ba é an cas céanna aige é. Ina sheasamh i gcónaí le cabhair na mbataí ag suaitheadh an fhéir le gabhlóg chun í a thirmiu. Ní raibh sé in ann cocaí móra a dhéanamh, ach dhein sé rudaí ar a dtugtaí “ hand shakings” orthu. Ansin, lá eile chuireadh duine de na comharsanna ina gcocaí móra iad chun iad a chosaint ón drochairsir. Bhí inneal bainte aige agus láir. Thagadh Johnny Cullen ó Móinín na nGéar, san teach is aoirde ar Shliabh Thor, chun an féar a bhaint ,agus ba éachtach an caoi a láimhseáil sé an láir agus an jab ar siúl aige. Bhíodh na comharsanna ag féachaint air agus a béil ar oscailt acu.

Bhí triúr Protastúnaigh, triúr deartháir ar a dtugtaí The three Moores (an Tríonóid) ina gcónaí in aice le John and Bizzie Donald mar a thugadh na comharsanna orthu. Bob, Nixon agus Jimmy a ghlaotaí orhu. Ba iad an triúr a fágadh de chlann mhór nuair a d'imigh an chuid eile. Níor phós éinne acu. Bob, an deartháir is óige, a chasann leis an bpobal. Déanann sé an siopadóireacht i siopa Hughie Dinny (colceathar do Sheán Mac Diarmada), iompaíonn sé an bainne go dtí an uachtarlann i Mullán sa cháirt leis an láir dhubh agus téann sé go Cluainín ó am go chéile mar a mbíonn feoil agus tae aige le Daisy Nixon

Bíonn na hiontais le hinsint aige faoi Daisy sna seachtainí tar éis an turas go Cluainín. Is í an t-aon baineann a mbíonn baint aige léi, seachas Rose Ann (mo sheanmháthair) i siopa Hiúdaí mar a fhaigheann sé na teactaireachtaí ar tic go dtí go ndíolann

Nixon na caoirigh ar na haontaí i gCluainín ar an 12ú lá lúnasa agus ar an 12ú lá Meán Fomhair gach bliain.

Rud eile a dhéanann Nixon. Bíonn air Seán Donald Mac Diarmada, cláiríneach, gaol agus cónaítheach deireannach sa teach dúchasach chlann Sheáin Mhic Dhiarmada a chur ar a cháirt gach Aoine chun dul go Cluainín lena phinsin d'fháil agus an flat loaf agus an box loaf mar ghlaodh sé orthu d'fháil. (ní dóigh liom gur chuimhnigh Nixon, Protastúnach, riamh go raibh sé ag cabhrú le namhad, nó gaol do Sheán Mac Diarmada a rinne an oiread sin trioblóide don tír blianta fada roimhe sin.).

Labhraítear faoin úrscéal clúiteach “Angela’s Ashes” agus an méid a d'fhulaing clann Frank Mc Court i Luimneach nuair a bhí siad ag fás aníos ach ní tada é i gcomparáid leis an méid a d'fhulaing John agus Bizzie Donald sa teach dúchasach i Shliabh Dubh i rith a saol. Ní raibh sé d'fhuinneamh iontu luachair a chur ar dhíon an tí agus bhí an braon anuas orthu i gcónaí. Ba dheacair móin d'fhail don tine. Theastaigh cúraim óna ba. Féach chomh dian is a bhí sé nuair a bhí an sneachta mór i 1947. Ba mhíorúilt gur éirigh leo teacht slán as an tubaiste sin.

Chabhraigh ár gclán (sé sin le rá, clann wee John Mc Dermott mar a ghlaotaí orainn) leo ag tabhairt isteach an fhéir gach aon bhliain agus thóg Tommy Kilkenny an chruach. Mharaigh Bizzie coileach bliana agus bhíodh togha bia agus dí againn.

Cé go bhfuair John agus Bizzie Donald cuidiú de shaghas éigin óna comharsana, uainne den chuid is mó, ach óna “ Eddies” (Mac Diarmada, gan a bheith gaolta) freisin, bhíodar ina n-aonar ag stracailt leis an tsaol ó mhaidin go hoíche. Ní rabhadar in ann dul ar cuairt go teach ar bith, bheith gníomhach i measc an phobail, dul ar aifreann, comaoin a ghlachadh ach amháin nuair a thagadh an t-Athair Smith ó Coillte

Clochair anois agus arís.

D'fhéadfaí a rá go raibh siad daortha chun a saol a chaitheamh in uaigneas ón cine daonna. Ach ní raibh gearán astu riamh. Is cuimhin liom go maith an lá go rabhas ag teacht anuas ó Shliabh Thor tar éis a bheith ag féachaint ar na caoirigh agus thosaíos ag cúléisteacht taobh amuigh ag an bhfuinneog agus chuala mé guth fhir ag léamh go hard amhail is go raibh sé ag páidreoireacht le hiomlán a chroí. Fuaireas amach níos déanaí gurb as “ The Imitation of Christ” a bhí John Donald ag guí agus tá an cóip a bhí aige agam fhéin anois.

Chónaigh John Donald Mc Dermott agus a dheirfiúr Bizzie san teach dúchasach go 1955 nuair d'éag an bheirt acu i ngiorracht tamaill bhig dá chéile tar éis beatha bhocht dhearóil ar fiche chúig acra talún, lán de cíb, seisc agus ceannbhán.

Níl ach duine amháin, Oweney Kilkenny, de fhíor bhunadh dúchasach an bhaile fearainn Sliabh Dubh ina chónaí ann anois agus cúpla stróinséir. Nuair a bhí mise ag fás aníos bhí ocht gclann déag ann. Ní raibh aon chaint faoi Sheán Mac Diarmada ná an íobairt a rinne sé ar son na tíre. Ag an chéad aifreann dó tar eis a bháis i gCoillte Clochair ní raibh ach dáréag ann agus bhí mo sheanathair colceathar leis agus mo sheanmháthair i measc iad siúd (Hughie Dinny Pháidí agus Rose Ann Johnny Farrell mar a ghlaotaí orthu). Agus Oweney Gilbride agus a bheanchéile as Lios na gCruach nach raibh gaolmhar le Seán MacDiarmada. Níl mé cinnte faoi na daoine eile a bhí i láthair.

Tá a lán ceachtanna le foghlaim againn as an éiri amach céanna mar a bhaineann sé le Seán Mac Diarmada. D'fhulaing na gaolta a fagadh sa Sliabh Dubh ach bhí ana-ghaol eatorra le triúr Protastúnaigh, the Moores, a chuidigh go mór leo i rith a saol. Is ait an mac an saol gan dabht.